## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2011

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Oideachas Reiligiúnach

## Ardleibhéal

**Réamhrá Ginearálta**

- Tá an measúnú ar Oideachas Reiligiúnach san Ardteistiméireacht Ardleibhéil bunaithe ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí gach roinne de shiollabas an Oideachais Reiligiúnaigh don Ardteistiméireacht a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2003.

- Nuair a ghrádaítear marc i scéim mharcála an scrúdaithe, bronntar an marc do fhreagra an iarrthóra laistigh de raon ó shármhaith go han-mhaith, maith, réasúnta, lag, an-lag agus gan grád ar bith.

- Níl na 'Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann' a chuirtear i láthair sa scéim mharcála seo iomlán ná uileghabhálach. Déanfar pointí ábhartha breise a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronnfar marcanna orthu de réir a bhfiúntais.

**AONAD A hAON**

NÍ MÓR DUIT CEIST **AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA**

**Ceist 1.** ***Marc***

**1 1 a) Tabhair breac-chuntas ar an gcion a rinne na Sofaistí sa tSean-Ghréig d'fhorbairt na fealsúnachta.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar smaointeoireacht fhealsúnach na Sean-Ghréige trí fhaisnéis chruinn a thabhairt ar an méid a chur na Sofaistí le forbairt na fealsúnachta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Mhol Sofaistí áirithe gurb ionann saol maith agus saol pléisiúir. Chuir sé seo go mór le forbairt na fealsúnachta ar an ábhar gur thug sé ar dhaoine cad is pléisiúr ann a iarraidh. D'fhorbair fealsúna smaointe faoi phléisiúr. Rinne Sócraitéas idirdhealú idir eispéireas pléisiúrtha agus fíorsháscacht srl.
- Chuir na Sofaistí le forbairt na fealsúnachta siocair gur fhorbair siad ceird agus scileanna na díospóireachta. D'fhéadfadh gur éascaigh sé seo do Shócraitéas dul i ngleic leo agus an Modh Socráiteach a fhorbairt mar chineál éagsúil dioscúrsasrl.
- Chuir na Sofaistí le forbairt na fealsúnachta siocair gur athraigh siad béim na fealsúnachta ó ábhair imní faoin domhan. Ina áit sin dhírigh siad a gcuid smaointe ar an duine agus ar áit an duine sa domhan. Leanadh den imní seo i gcúrsaí fealsúnachta, m.sh. daonnachas ré na hAthbheochana srl.
- Chuir na Sofaistí le forbairt na fealsúnachta mar trí dhíriú ar an duine, bhain cuid mhór Sofaistí de thátal as gur de thoradh ar nósmhaireacht agus ar chúinse a bhí cuid mhór de na smaointe ar an bhfírinne, ar chóir, ar mhaitheas, srl. Rinne eisithe an fichiú céad ar nós Sartre srl., tuilleadh machnaimh ar an gceist seo.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**1 1 b) Déan comparáid idir an tslí ina dtugtar aghaidh ar bhrí na beatha in dhá mhiotas ón ré ársa a bhfuil staidéar déanta agat orthu.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an dóigh ar chuir daoine a bhfreagairt ar an tóraíocht le haghaidh míniú in iúl i dteangacha siombalacha agus córais mhínithe trí chosúlachtaí agus/nó éagsúlachtaí a shainaithint go cruinn sa dóigh ar fhreagair dhá mhiotas ón gcianaimsir freagraí faoi bhrí na beatha.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá freagra éagsúil ar an gceist an bhfuil aon bhrí le fulaingt i Miotas Phroiméitéis ná in Eipic Gilgamesh. I Miotas Phroiméitéis, d'fhéadfaí breathnú ar an bhfulaingt mar ní nach bhfuil aon chiall leis, m.sh. d'fhéadfaí go ndealródh sé go bhfuil claontacht chun díoltais Shéas níos cumhachtaí ná atrua srl. In Eipic Gilgamesh, gríosaíonn fulaingt Gilgamesh é chun dul sa tóir ar neamhbhásmhaireacht srl.
- Freagraítear an cheist faoi cé na cáilíochtaí ar chóir luach a chur leo sa saol i slí chomhchosúil i Miotas Phroiméitéis agus in Eipic Gilgamesh, m.sh. léiríonn Proiméitéas atrua agus seasmhacht; léiríonn Gilgamesh diongbháilteacht agus atrua, srl.
- Freagraítear an cheist faoi cé acu an bhfuil an domhan ordúil nó anordúil i slí chomhchosúil sa chuntas i nGeineasas faoi chruthú an Domhain agus i miotas cruthaithe na Meiriceánach Dúchasach m.sh. Léiríonn an dá mhiotas go bhfuil ord in áit anoird agus, trí impleacht, nach bhfuil saol an duine gan bhrí ach go bhfuil sé mar chuid de chruinne atá lán de chiall, srl.
- Srl.

*Tabhair faoi deara:* Sainaithníonn iarrthóir cosúlachtaí agus/nó éagsúlachtaí idir an dóigh a bhfreagraítear ceisteanna faoi bhrí na beatha in dhá mhiotasnach mbaineann leis an gcianaimsir –Téighi gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**Ceist 2.**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1** | **2 a)** | ***Is féidir forbairt luachanna neamhreiligiúnacha pobail a rianú siar go dtí pointe ama amhail teacht chun cinn an daonnachais, an eiseachais etc.*** <br> **Déan próifíl de conas a chuir dhá phointe ama dá leithéid le forbairt luachanna neamhreiligiúnacha pobail.** | **40** <br> (20M x2) <br> *Grádaithe* |

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhorbairt cruinneshamhlacha neamhreiligiúnacha trí dhá phríomhphointe ama a rianú i bhforbairt córais neamhreiligiúnaigh de luachanna pobail.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Príomh-mhóimint amháin i bhforbairt córais neamhreiligiúnaigh de luachanna pobail ba ea teacht chun cinn an daonnachais. Chuir sé seo an duine i lár na beatha agus na maireachtála. Chonacthas go raibh gach duine aonair uathúil, speisialta agus in ann an domhan a thuiscint. Chuir an chruinneshamhail seo luach le cumhacht an réasúin agus uathúlacht an duine thar luachanna ar bith eile. Tháinig daonnachas chun cinn laistigh d'fhealsúnacht agus de dhiagacht na Críostaíochta, ach díríodh sa daonnachas ar réasún an duine, ar thualaing an duine agus ar eispéireas an duine mar luachanna pobail. Mar gheall air seo forbraíodh córais eiticiúla neamhreiligiúnacha ar nós Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe srl.
- Le linn Ré na hEagnaíochta nó Ré an Réasúin cuireadh luach leis an tsaoirse chun úsáid a bhaint as réasún i ngach réimse dioscúrsa. Maíodh sa mhéid seo gur tugadh cúl le foirmeacha traidisiúnta údaráis agus gur cuireadh bunús moráltachta saolta i dtoll a chéile. Cuireadh go leor de luachanna Ré na hEagnaíochta in iúl mar luachanna pobail sa Dearbhú um Chearta an Duine agus an tSaoránaigh srl.
- Córas fealsúnach is ea eiseachas ina ndírítear ar bhrí na beithsine agus ar an gceist faoi cé acu an bhfuil aon bhrí faoi leith le beithsine dhaonna nó nach bhfuil. I gcruinneshamhail eisíoch, tá luach le gach duine a bheith freagrach as na roghanna a dhéanann sé/sí féin. Is féidir tionchar an eiseachais a fheiceáil sa luach a chuirtear ar shaoirse an choinsiasa agus ar an iolrachas mar luachanna pobail i sochaithe an Iarthair srl.
- Príomh-mhóimint amháin i bhforbairt córais neamhreiligiúnaigh de luachanna pobail ba ea nuair a scríobh Kant faoin dóigh ar chóir do dhaoine iad féin a iompar agus gur fhorbair sé an tuairim ar an ordú catagóireach .i. gníomhaigh amhail is go mbeadh fírinne ghinearálta do ghníomhaíochta ina dlí uilíoch. Chuir sé seo le forbairt luachanna neamhreiligiúnacha pobail siocair go raibh an pobal in ann anois cad is maitheas ann a thuiscint gan a bheith ag brath ar fhoinsí reiligiúnacha srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**1 2 b) Déan scrúdú ar an ról a d'imir an t-ildiachas i scéal bunaithe ceann amháin de reiligiún aondiacha domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar choincheapa aondiachais agus ildiachais trí bhreathnú go géar ar an bpáirt a bhí ag an ildiachas i scéal bunaidh na Críostaíochta *nó* an Ioslaim *nó* an Ghiúdachais.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Bhí ról ag an ildiachas i scéal bunaidh na Críostaíochta sa mhéid seo a leanas –
  Bunaíodh an Chríostaíocht ag am nuair a bhí an Phalaistín faoi riail na Rómhánach a raibh creideamh ildiach acu. Ba sa chomhthéacs seo a bhí Íosa ag seanmóireacht faoi thuiscint aondiach ar Dhia – Iáivé/YHWH, Abba, srl. Roinn Íosa a fhís ar Ríocht Dé leo siúd a bhí eolach ar chultúr ildiach m.sh. Leigheas Iníon an Oifigigh Rómhánaigh srl.
  Bunaíodh cuid de chéad phobail na Críostaíochta in áiteanna a bhain le cleachtais ildiachais. Ba dhoiligh le hiompaithigh ghintlí chuig an gCríostaíocht ar uairibh cúl a thabhairt lena seanchreidimh agus lena seanchleachtais. Scríobh Naomh Pól chuig pobail den chineál seo chun iad a spreagadh srl.
- Bhí ról ag an ildiachas i scéal bunaidh Ioslaim sa mhéid seo a leanas –
  Pearsa ríthábhachtach é Abrahám in Ioslam. Breathnaítear air mar an chéad aondiach srl.
  In aimsir Mhahamaid d'adhair muintir Mheice cuid mhór déithe. D'fhág Mahamad agus lucht leanúna beag le dul go Meidíne agus bhunaigh sé Ioslam go soiléir mar chreideamh aondiach srl.
- Bhí ról ag an ildiachas i scéal bunaidh an Ghiúdachais sa mhéid seo a leanas –
  Chónaigh Abrahám i gcultúr ildiach. Léirítear sa chúnant idir Abrahám agus Iáivé/YHWH comhthéacs ildiachais ina adhair daoine cuid mhór déithe srl. Déantar tagairt sna Deich bPrionsabal atá léirithe i nDeot. 11 do dhéithe eile. I nDlí an Chúnaint, déantar idirdhealú soiléir idir Giúdachas agus córais chreidimh ildiachais eile. I nDlí an Chúnaint, aithnítear Dia amháin, agus déantar tagairt do dhéithe eile mar bhréagdhéithe srl.
  Aimsir an rathúnais agus na forbartha cultúrtha a bhí san Aimsir Aiseach. Ag an bpointe seo ba í an tuiscint a bhí ag na hEabhraigh ar Iáivé/YHWH gur Dia míleata a bhí ann a raibh grá aige do mhuintir Iosrael. D'adhair daoine eile déithe eile agus tuigeadh gur peaca mór a bhí ann. Glactar san áireamh sa dearcadh seo gurbh ann d'ildiachas ach gur coinníodh an Giúdachas amach ó chreidimh ildiachais. Le linn na hAimsire Aisí chonacthas aondiachas bunaithe go daingean laistigh den Ghiúdachas srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## AONAD A DÓ

NÍ MÓR DUIT **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**2 B a) Scrúdaigh dhá shlí a ndeachaigh Aiséirí Íosa i bhfeidhm ar na chéad Chríostaithe.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar shuntas aiséirí Íosa le haghaidh na chéad Chríostaithe trí bhreathnú go géar ar dhá bhealach a raibh tionchar ag Aiséirí Íosa ar na chéad Chríostaithe.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- I gcuntais an tSoiscéil faoi thaispeántaí an Aiséirí ní aithníonn lucht leanúna Íosa é láithreach. Léiríonn sé seo gur chruthaigh an t-aiséirí tuiscint nua ar Íosa m.sh. d'aithin na deisceabail ar an mbóthar go hEamáús Íosa de bharr 'Bhriseadh an Aráin' srl.
- Is féidir tionchar an Aiséirí ar na chéad Chríostaithe a fheiceáil sna híomhánna agus sna teidil ar baineadh úsáid astu le cur síos a dhéanamh ar Íosa .i. Tugann Meisias, Mac Dé agus Mac an Duine an tuiscint gurbh é Íosa féintaispeánadh Dé le fios srl.
- Is féidir tionchar an Aiséirí a fheiceáil trí mheon an mhisin sa Luath-Eaglais .i. chónaigh siad le chéile mar phobal agus bhunaigh siad pobail Chríostaíochta i measc na ngeintlithe. Léiríonn sé seo tuiscint nua gurbh idirghabhálaí Íosa ar son shlánú an uile dhuine srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**2 B b) Déan próifíl den tuiscint ar Íosa atá le fáil i saothar beirt scríbhneoirí a bhfuil leabhar scríofa acu faoin gCríostaíocht sa lá atá inniu ann.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar shuntas bheatha, theagasc, bhás agus aiséirí Íosa le haghaidh Críostaithe sa lá atá inniu ann tríd an tuiscint ar Íosa a rianú go cruinn in obair beirt scríbhneoirí leabhar faoin gCríostaíocht sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Is téama lárnach í an eascaiteolaíocht i ndiagacht Jurgen Moltmann. Creideann sé go gcaithfidh Críostaithe díriú arís ar ionchais todhchaígh .i. cuireann dóchas san Aiséirí féidearthachtaí d'athruithe sa domhan seo ar fáil. Is mian le Moltmann an fhís Bhíobalta go bhfuil baint ag Dia leis an stair agus le fulaingt an duine a thabhairt ar ais. Le hÍosa bhí iombhá iomlán le fulaingt an duine. Cuireann Moltmann aiséirí Íosa i láthair mar bhealach chun todhchaí eascaiteolaíoch a oscailt do dhaoine atá dothuigthe ag an duine srl.
- Tá baint ag scríbhneoirí ar nós Karl Rahner, Bernard Lonergan agus Dermot Lane leis an tuairim gur fearr i bhfad an tuiscint a bheidh ar shuntas Íosa má thosaíonn Críostaithe le Críosteolaíocht íseal-ardaitheach .i. go dtaispeántar Dia trí dhaonnacht Íosa agus dá barr. Tá saol Íosa chomh tábhachtach lena bhás agus lena aiséirí srl.
- Cuireann Elizabeth Johnson an tuairim i láthair gur féidir le Críostaithe foghlaim ón teagmháil a bhí ag Íosa le mná mar nár chloígh Íosa le patrarcacht a aimsire féin. Chaith Íosa le mná mar dhaoine a bhí comhionann le fir srl.
- Srl.

*Tabhair ar aird:* Rianaíonn iarrthóir tuiscint chomhaimseartha ar Íosa ach teipeann air beirt scríbhneoirí leabhar faoin gCríostaíocht sa lá atá inniu ann a shainaithint go cruinn, lena mbaineann an tuiscint sin lena gcuid oibre – Téigh i gcomhairle le do Scrúdaitheoir Comhairleach.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra. (x2)

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**2 C a) Déan comparáid idir an chaoi ina n-eagraítear na baill ag an leibhéal áitiúil i ngach ceann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:** **40** *Grádaithe*

◆ **AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆ **AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phríomhghnéithe dhá mhór-reiligiún dhomhanda tríd na cosúlachtaí agus/nó éagsúlachtaí a shainaithint go cruinn faoin dóigh a n-eagraítear baill ag leibhéal áitiúil sa Chríostaíocht agus sa Ghiúdachas.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá an Chríostaíocht agus an Giúdachas cosúil sa dóigh ina n-eagraítear baill ag leibhéal áitiúil sa mhéid seo a leanas –
  - Tá pobal áitiúil reiligiúnach ag baill a bhfuil siad páirteach ann. Tá na pobail seo láraithe thart ar an ionad adhartha .i. an eaglais agus an tsionagóg srl.
  - Tá ról ceannasaíochta faoi leith ag daoine m.sh. Is é an sagart a léann an tAifreann i gCríostaíocht an Chaitliceachais Rómhánaigh srl. Sa Ghiúdachas is féidir le cantóir a bheith i gceannas ar sheirbhísí reiligiúnacha srl.
  - Srl.

- Tá an Chríostaíocht agus an Giúdachas éagosúil sa dóigh ina n-eagraítear baill ag leibhéal áitiúil sa mhéid seo a leanas –
  - Sa Ghiúdachas Ortadocsach is féidir le hadhradh pobail tarlú nuair a bhíonn deichniúr fear i láthair. Is féidir le Giúdach a bheith ina chuid den Mhinyan nó den chóraim seo a luaithe agus a bhíonn sé Bar Mitsveá (áiríonn pobail áirithe leasaitheacha mná mar chuid den Mhinyan agus ceiliúrann siad Bat Mitsveá). I gCríostaíocht an Chaitliceachais Rómhánaigh glacann easpaig freagracht as adhradh pobail trí pharóistí a bhunú ina ndeoisí féin srl.
  - Sa Ghiúdachas mar gheall ar líon beag an phobail áitiúil is féidir go leagfaí freagrachtaí faoi leith ar a mbaill .i. is féidir go mbeadh ar dhaoine taisteal ionas go mbeidh Minyan ann le haghaidh Laethanta Sollúnta. Sa Chríostaíocht níl an dualgas céanna ann taisteal ar an dóigh seo srl.
  - Srl.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 C b)** *Féadfaidh saol an lae inniu in Éirinn dúshlán na reiligiún domhanda a thabhairt.* **40** *Grádaithe*

**Pléigh cruinneas an ráitis seo maidir le dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:**

◆**AN BÚDACHAS** ◆**AN CHRÍOSTAÍOCHT** ◆**AN HIONDÚCHAS**
◆**AN tIOSLAMACHAS** ◆**AN GIÚDACHAS**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an tionchar atá ag mórthraidisiúin reiligiúnacha ar shaolta agus ar chultúir a lucht leanúna trí mhachnamh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí agus trí theacht ar chonclúidí cruinne faoi na dúshláin a d'fhéadfadh an saol in Éirinn a thabhairt do dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda atá liostaithe sa cheist.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- I gcultúr an Iarthair is féidir nach dtuigfear go hiomlán cleachtais áirithe Bhúdaígh m.sh. is féidir leis a bheith doiligh glacadh le diantréanas. Is féidir le gnéithe de spioradáltacht Bhudaíoch a bheith mealltach do dhaoine. D'fhéadfadh sé a bheith ina dhúshlán an mealladh seo a lárú ar fhíortheagasc Bhúdaíochais ionas nach bhforbrófaí gnéithe de spioradáltacht Búdaíoch ina reiligiún aonair agus príobháideach srl.
- Is féidir leis an saol in Éirinn sa lá atá inniu ann dúshláin cheannairí na Críostaíochta a thabhairt maidir le labhairt amach ar cheisteanna ar nós na bochtaineachta agus na héagóra. Is féidir dúshlán na Críostaíochta a thabhairt tríd an dóigh a dtéann luachanna agus treochtaí eile i bhfeidhm ar dhaoine i sochaí iolraíoch agus shaolta. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an Chríostaíocht na dóigheanna a bhfuil a cód morálta ábhartha sa lá atá inniu ann a léiriú dá lucht leanúna srl.
- Siocair gur mionreiligiún é Hiondúchas, d'fhéadfadh nach mbeidh tuiscint ann go forleathan ar chultúr agus ar thraidisiún Hiondúch. Tugann an saol in Éirinn sa lá atá inniu ann dúshlán Hiondúchais bealach a aimsiú le bheith fíor don traidisiún. Baintear úsáid as Teampall Hiondúch na hÉireann i mBéal Feirste le haghaidh adhradh níos pobalda ná mar atá coitianta san India. D'fhéadfadh go bhfuil níos lú tábhachta ag baint le sainaicme ach is féidir léi teacht chun tosaigh nuair a bhítear ag smaoineamh ar an bpósadh srl.
- Is féidir leis an saol in Éirinn sa lá atá inniu ann dúshlán lucht leanúna Ioslaim in Éirinn a thabhairt maidir leis an tuairim nach bhfuil aon difríocht idir reiligiún agus an bheatha a choinneáil. Ardaíonn sé seo ceisteanna le haghaidh an phobail maidir le foirmeacha traidisiúnta éide; scolaíocht chomhoideachais; ionaid oibre imeasctha, srl.
- Is féidir leis an saol in Éirinn sa lá atá inniu ann dúshlán lucht leanúna Giúdachais in Éirinn a thabhairt maidir le féiniúlacht a choinneáil siocair go bhfuil líon na nGiúdach Éireannach íseal go maith. Is féidir leis seo dúshlán a thabhairt maidir le pósadh. Tugann póstaí ilchreidimh dúshlán siocair go bhfuil cuid mhór deasghnáth bunaithe ar an teaghlach agus ar an mbaile. D'fhéadfadh go molfadh tuismitheoirí áirithe dá gcuid páistí fásta cónaí thar lear ionas go mbuailfidh siad le ciorcal níos leithne céilithe féideartha srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**2 D a) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina ndéantar cearta an duine aonair a chothromú leis an gcoincheap 'an leas coiteann' i sampla amháin den dlí sibhialta a bhfuil staidéar déanta agat air.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar thábhacht luachanna pearsanta agus pobail agus an dóigh a gcuirtear i bhfocail iad i gcóid dlí trí eolas cruinn a leagan amach ar an mbealach a gcothromaítear cearta aonair leis an leas coiteann i sampla amháin de dhlí sibhialta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Is éard atá sa leas coiteann an leas is fearr le haghaidh an phobail iomláin nó na sochaí iomláine. Déantar iarracht i gcóid dlí cearta aonair a chothromú leis an leas coiteann ionas nach meastar go bhfuil níos mó ná níos lú tábhachta le cearta aonair duine amháin ná duine eile. Sna cóid dlí cuirtear béim ar an leas coiteann san áit a bhféadfadh aighneas a bheith ann idir cearta áirithe, m.sh. an cosc ar thobac. Ciorraítear ceart an duine aonair caitheamh ionas go gcosnaítear rochtain daoine ar thimpeallacht shláintiúil oibre srl.
- Aithníonn tíortha ar sínitheoirí iad ar Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe go bhfuil gach duine i dteideal fostaíocht íoctha. Is é an chiall atá leis an leas coiteann ná go gcruthaíonn an tsochaí na coinníollacha ginearálta a chumasaíonn rochtain chothrom ar fhostaíocht íoctha. Is é an chiall atá leis an leas coiteann, áfach, go bhféadfaí go mbeadh ceart aonair faoi réir coinníollacha áirithe, m.sh. d'fhéadfadh dlí sibhialta rialacha a bhunú faoi scor éigeantach srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**2 D b) Pléigh na róil a imríonn an coinsias agus an tsaoirse mhorálta i bhforbairt duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint go n-éilíonn aibíocht mhorálta go mbíonn dialóg leanúnach aonair agus phobail ann trí pheirspictíochtaí a scrúdú agus trí theacht ar chonclúidí faoin bpáirt atá ag an gcoinsias agus ag an tsaoirse mhorálta i bhforbairt aibíochta morálta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá páirt ag an gcoinsias i bhforbairt na haibíochta morálta mar gheall orthu seo a leanas –
  - Is duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de duine a ghníomhaíonn go neamhleithleach ar son leasa daoine eile. Cuidíonn an coinsias le duine an chiall a d'fhéadfadh a bheith leis sin i gcásanna áirithe a aithint srl.
  - Déanann duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de iarracht an rud atá leasmhar a dhéanamh. Cuidíonn coinsias le daoine an leas a aithint. Cuidíonn sé leis an bpróiseas chun prionsabail mhorálta a chur i bhfeidhm ar chás faoi leith srl.
  - Is éard atá sa choinsias ná an próiseas trína nglacann daoine freagracht as a gcuid gníomhaíochtaí, ar léiriú eile é ar dhuine atá aibí ó thaobh na moráltachta de srl.
  - Srl.

- Tá saoirse mhorálta tábhachtach freisin i bhforbairt na haibíochta morálta mar gheall orthu seo a leanas –
  - Tugann saoirse mhorálta an ceart agus an dualgas do dhaoine úsáid a bhaint as a gcoinsias srl.
  - Tá cód pearsanta morálta ag duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de. Tá saoirse ag teastáil ó dhaoine chun prionsabail agus cóid phearsanta mhorálta a fhorbairt srl.
  - Forbraíonn an duine atá aibí ó thaobh na moráltachta de nósanna chun gníomhú mar is cóir. Áitíodh go gcaithfear maireachtáil mar is cóir a chleachtadh ionas gur féidir í a fhoghlaim. Cuireann saoirse mhorálta ar chumas duine a bhfuil cóir a aithint agus é a chur i bhfeidhm ar a s(h)aol srl.
  - Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

## ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

**3 E a)** ● **AN BHITHEOLAÍOCHT** ● **AN FHEALSÚNACHT** ● **AN tSÍCEOLAÍOCHT** ● **AN tSOCHEOLAÍOCHT** — **40** *Grádaithe*

**Pléigh an méid a chuir dhá cheann díobh sin thuas leis an gcaoi a dtuigtear inscne sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar inscne sa tsochaí chomhaimseartha trí pheirspictíochtaí áirithe a scrúdú agus trí theacht ar chonclúidí faoin méid a chur dhá cheann díobh seo a leanas leis an chaoi a dtuigtear inscne sa lá atá inniu ann: An Bhitheolaíocht,an Fhealsúnacht, an tSíceolaíocht, an tSocheolaíocht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Chuir an Bhitheolaíocht leis an dóigh a dtuigtear inscne siocair go molann sé deochraithe i mbunú na ndifríochtaí idir fir agus mná .i. géineanna agus crómasóim; gnéasfhaireoga; gnéas-hormóin; difreáil sa chonair atáirgthe inmheánach; difreáil sna baill ghiniúna sheachtracha; difreáil i réigiúin áirithe inchinne. Cuireann siad seo in iúl go mbíonn difríochtaí gnéis soiléir go han-luath i ndiaidh breithe agus sular féidir le sóisialú tionchar suntasach ar bith a imirt srl.
- Chuir an Fhealsúnacht leis an dóigh a dtuigtear inscne mar nuair a fhreagraítear an cheist 'cad is brí le bheith daonna?' déantar breithniú san fhealsúnacht freisin ar an mbrí le bheith baineann nó fireann. Mheas luathfhealsúna go raibh fir níos fearr ná mná mar gheall ar na difríochtaí idir fir agus mná. San fhealsúnacht níos comhaimseartha tá níos mó machnaimh déanta ar ról an chomhionannais sa chaidreamh idir an dá inscne.
- Chuir an tSíceolaíocht leis an dóigh a dtuigtear inscne siocair mar gheall ar thástáil iontaofa síceolaíochta aimsíodh ceithre dhifríocht ar a laghad idir na hinscní .i. briathartha; matamaiticiúil; cumais amhairc-spásúla; forrántacht. D'aimsigh síceolaithe freisin, áfach, go bhfuil na héagsúlachtaí laistigh de gach inscne níos mór ná na difríochtaí idir na hinscní srl.
- Chuir an tSocheolaíocht leis an dóigh a dtuigtear inscne siocair go léirítear i dtaighde socheolaíochta go mbíonn tionchar an ag timpeallacht ina bhfoghlaimíonn siad idirbheartaíocht le daoine eile ar dhaoine. Maíonn socheolaithe go dtéann comhthéacsanna sóisialacha i bhfeidhm ar róil inscne srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

**3 E b) i. Déan comparáid idir an pháirt i stair an tslánaithe a bhí ag beirt bhan a n-insítear a scéalta sna Scrioptúir Eabhraise.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar áit na mban sna Scrioptúir Eabhraise tríd na cosúlachtaí agus/nó na héagsúlachtaí a aithint go cruinn idir bheirt bhan a n-insítear a scéalta sna Scrioptúir Eabhraise.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá Deabrá agus Miriam cosúil le chéile ar an ábhar go meastar gur fáithe iad beirt a threoraigh an pobal agus a bhí dílis don Chúnant srl. Tá an bheirt bhan cosúil le chéile siocair go raibh róil cheannasaíochta acu. Treoraíonn Miriam an pobal amach as an Éigipt le Maois. Aontaíonn Barac ar throid in aghaidh thrúpaí an Rí Jabin má théann Deabrá leis srl. Leanann amhrán bua Dheabrá traidisiún amhrán bua Mhiriam srl. Bhí caidreamh láidir ag an mbeirt bhan le hIáivé/YHWH. Ceistíonn Miriam Iáivé/YHWH. Cinntíonn Deabrá an cairdeas leanúnach idir Iáivé/YHWM agus muintir Iosrael srl.
- Is léir gur ceannasaí míleata í Deabrá. Léiríonn Miriam crógacht, áfach, sa dóigh éagsúil ina dtugann sí dúshlán ordú an Fharó do na mná cabhrach gur chóir buachaillí Eabhracha a mharú nuair a thagann siad ar an saol srl. Faoi cheannasaíocht Dheabrá bhí 40 bliain de shíocháin ag muintir Iosrael. Fuair Miriam bás, áfach, sular shroich an pobal an Tír Tairngire srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

***nó***

**3 E b) ii. Scrúdaigh an tábhacht do Chríostaithe an lae inniu a bhaineann le dhá theagmháil idir Íosa agus mná a bhfuil cur síos déanta orthu sna Scrioptúir Chríostaí.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar na teagmhálacha idir Íosa agus mná sna Scrioptúir Chríostaí trí bhreathnú go géar ar an tábhacht do Chríostaithe sa lá atá inniu ann a bhí ag dhá theagmháil idir Íosa agus mná.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Tá an teagmháil idir Íosa agus an bhean Shiriach-Fhéiníceach tábhachtach do Chríostaithe sa lá atá inniu ann siocair go léiríonn sé tábhacht an chreidimh. Sa teagmháil seo is féidir le Críostaithe forbairt fhéintuiscint Íosa a fheiceáil. Sa teagmháil seo, teagasctar tábhacht luachanna an tsoiscéil maidir le cuimsitheacht, fiú má chiallaíonn sé seo go dtéitear in aghaidh struchtúir shóisialta na linne srl.
- Tá an teagmháil idir Máire Mhaigdiléana agus Íosa tábhachtach do Chríostaithe sa lá atá inniu ann siocair gur féidir le Críostaithe eiseamláir na deisceabalachta a fheiceáil inti. Thaistil sí le hÍosa i gcomhluadar an Dáréag. D'fhéadfadh Críostaithe sa lá atá inniu ann machnamh a dhéanamh ar róil ban sa Chríostaíocht. Ceannaire sa Luath-Eaglais ba ea Máire Mhaigdiléana agus ar an ábhar gurb ise a d'inis scéal an Aiséirí, tugadh 'Aspal na nAspal', uirthi srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20M x2 |

***nó***

**3 E b) iii.** ● **SOISCÉAL MHATHA** ● **SOISCÉAL MHARCAIS** ● **SOISCÉAL LÚCÁIS** ● **SOISCÉAL EOIN** **40** *Grádaithe*

**Cuir an léiriú ar Mhuire, máthair Íosa, atá i gceann amháin de na soiscéalta thuas i gcomparáid leis an gcaoi a mbreathnaítear uirthi i sainaicme Chríostaí sa lá atá inniu ann.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar áit na mban i Scrioptúir na Críostaíochta tríd na cosúlachtaí agus/nó na héagsúlachtaí a aithint idir an dóigh a léirítear Muire máthair Íosa i gceann de na Soiscéal atá liostaithe sa cheist agus an dóigh a mbreathnaítear uirthi i sainaicme Críostaí sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- I Soiscéal Mhatha déantar tagairt do Mhuire sna naíonscéalta. Leagann sé béim chomh maith gur mhaighdean agus máthair Muire atá cosúil leis an dóigh a léirítear í in Eaglais na hÉireann srl.
- I Soiscéal Mharcais déantar tagairt d'Íosa mar mhac Mhuire, in áit mar mhac Iósaf a bheadh coitianta ag an am. Tá sé seo cosúil leis an léiriú Caitliceach Rómhánach ar Mhuire mar mháthair atá ina maighdean srl.
- I Soiscéal Lúcáis, leagtar béim ar dheisceablacht Mhuire a eascraíonn as a cuid diagachta do Dhia. Tá sé seo cosúil le dearcadh Mártan Liútar uirthi mar eiseamláir an chreidimh. Léirítear sa Mhagnificat bean a labhraíonn amach ar son na mbocht agus na n-íochtarán. Tá sé seo cosúil leis an dóigh a mbreathnaíonn cuid mhór Críostaithe as go leor sainaicmí ar Mhuire sa lá atá inniu ann srl.
- I Soiscéal Eoin, tá baint ag Muire le ministreacht phoiblí Íosa, m.sh. Bainis Chána. Cuireann Eoin Muire i láthair mar dhuine gníomhach de lucht leanúna Íosa agus cuireann sé ag bun na Croise í. Ar an dóigh chéanna cuireann Eaglais na hÉireann tábhacht Mhuire i láthair laistigh de chomhthéacs na deisceablachta srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

***nó***

**3 E b) iv. Déan próifíl de conas a chuir inscne duine amháin nó grúpa amháin lena n-eispéireas den chumhachtú *nó* den tsaoirse i mór-reiligiún domhanda.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar shuntas inscne le haghaidh eispéireas reiligiúnach trí rianú a dhéanamh ar thionchar na hinscne ar eispéireas duine/grúpa den chumhachtú *nó* den tsaoirse i mór-reiligiún domhanda.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Cumhachtú –*

- Sampla amháin den dóigh a raibh mná in ann a saolta a shainmhíniú agus a threorú laistigh den reiligiún mar gheall ar inscne ba ea forbairt saoil reiligiúnaigh lasmuigh de chlabhstar. Trí fhorbairt Beguine chónaigh mná go neamhspleách, gan a bheith bainteach le grúpa ná figiúr ar bith fireannach. Thosaigh na mná seo ag bunú pobal a bhí féinrialaitheach, nach raibh faoi mhaoirseacht agus a bhí féintacaithe. Chónaigh siad de réir a gcreidimh trí shaol simplí a chaitheamh, trí bheith ag obair go dian agus trí sheirbhís a sholáthar dóibh siad a bhí ar an anás. Bhunaigh na pobail seo modh maireachtála do mhná a shaor iad ón gclabhstar agus ó údarás na bhfear. Tríd an bhfreastal a rinne siad orthu siúd a bhí ar an anás thug na mná seo tuiscint ar an tsaoirse agus ar an gcumhachtú do dhaoine eile. Leanann Oird Rialta an traidisiún sin sa lá atá inniu ann srl.
- Sampla amháin den dóigh a bhfuair fir eispéireas an chumhachtaithe sa chreideamh mar gheall ar a inscne ná trí fhorbairt sagartachta a bhí go hiomlán fireann. Choinnigh sainchreideamh an Chaitliceachais Rómhánaigh an tuairim nach féidir ach le fir a bheith ina sagart. De réir na Comaoine Anglacánaí is féidir mná a oirniú ina sagairt. Tá Eaglaisí áirithe sa Chomaoin Anglacánach a choinníonn an easpagóideacht d'fhir amháin.
- Srl.

*Saoirse –*

- Feictear sampla amháin den dóigh ar féidir le mná eispéireas den tsaoirse sa chreideamh a bheith acu mar gheall ar a n-inscne i luathfhorbairt an Bhúdaíochais. Dhiúltaigh Búdaithe d'idirdhealuithe maidir leis an dóigh a n-aimsíonn fir agus mná soilsiú srl.
- Feictear sampla amháin den dóigh ar féidir fir eispéireas den tsaoirse sa chreideamh a bheith acu mar gheall ar a n-inscne i luathfhorbairt an Hiondúchais. Ag an gcéim seo bhí na scoileanna creidimh freagrach as an oideachas agus bhí tréimhsí fada as baile ag teastáil dá bharr. Ba mhinic a moladh do bhuachaillí tabhairt faoin gcineál seo oideachais ach bhí sé roghnach do chailíní srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS NAOFA

**3 H a)** *Is gné thábhachtach de litríocht an Bhíobla í an scéalaíocht.* **40** *Grádaithe*

**Pléigh an ráiteas sin agus tagairt agat do scéal Iób nó do cheann amháin de pharabail Íosa.**

*Critéir Mharcála*

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint go bhfuil aithint seánra tábhachtach chun téacsanna ón mBíobla a thuiscint trí iniúchadh a dhéanamh agus trí theacht ar chonclúidí cruinne faoi thábhacht na scéalaíochta i litríocht an Bhíobla trí thagairt a dhéanamh do scéal Iób *nó* do cheann d'fháthscéalta Íosa.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Scéal Iób –*

- Téann scéalta maithe i ngleic le hintinn, le mothúcháin, le samhlaíocht agus le heispéireas an lucht éisteachta. I Scéal Iób pléitear le ceisteanna a théann i bhfeidhm ar dhaoine .i. fadhb an oilc, iompar an duine agus cóir Iáivé/YHWH srl.
- Trí mheán na scéalaíochta is féidir le daoine impleacht reiligiúnach scéil a aimsiú m.sh. Is cosúil go bhfuil dhá fhoinse ag scéal Iób .i. I gCaibidlí 1-2 agus 42:7-17 insítear scéal faoi fhear ar thástáil agus ar shaor Iáivé/YHWH ó chion é. Sna caibidlí eatarthu baintear úsáid as an scéal le tuairimí faoi soineantacht, faoi fhulaingt, faoi chóir agus faoi chumhacht, srl., a fhiosrú.
- Nuair a insítear Scéal Iób is amhlaidh go soláthraítear creat ina gcuirtear dúshlán faoi chuid de na freagraí ar rúndiamhra na beatha. Léirítear sa scéal réadúlacht fhulaingt an duine. Moltar don lucht éisteachta a bheith atruach. Léirítear sa scéal cumas fir maireachtáil le ceisteanna neamhfhreagartha siocair go bhfuil grá ag Iáivé/YHWH dó srl.
- Srl.

*Fáthscéalta Íosa –*

- I bhfáthscéalta Íosa cuirtear scéalta réadúla creidimh i láthair. Cuirtear tuairimí reiligiúnacha in iúl go nithiúil tríothu ar bhealach sothuigthe. Sna scéalta a insítear sna fáthscéalta téitear i ngleic le heispéireas an duine agus luachanna an tSoiscéil á léiriú, m.sh. i bhFáthscéal na nOibrithe san Fhíonghort cuirtear béim ar thábhacht na cuimsitheachta, na trócaire agus an ghrá, srl.
- Mar gheall ar an scéalaíocht is féidir leis an lucht éisteacht deireadh a réamh-mheas agus dá bhrí sin páirt a ghlacadh sa scéalaíocht, m.sh. Léirítear i bhFáthscéal an Deichniúr Maighdean gur chóir do Chríostaithe Ríocht Dé a cheiliúradh ach gur chóir dóibh a bheith ag obair ar son Ríocht Dé freisin srl.
- Cuireadh roinnt d'fháthscéalta Íosa le chéile le geit a bhaint as an lucht éisteachta trí thuairimí nua nó trí thuairimí nach bhfuiltear ag súil leo a thabhairt isteach. Trí fháthscéalta is féidir a léiriú nach ionann creideamh agus cloí le rialacha amháin, m.sh. D'fhéadfadh Fáthscéal an Rógaire Maoir mearbhall a chur ar an lucht éisteachta sa dóigh a moltar seiftiúlacht an Rógaire Maoir ann. Mar gheall air seo ní mór don éisteoir machnamh a dhéanamh ar na véarsaí a leanas faoi thábhacht an ionracais agus mhaoin an tsaoil a roinnt srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

**3 H b) Tabhair breac-chuntas ar conas a chuir fionnachtana seandálaíochta leis an gcaoi a dtuigtear an Bíobla sa lá atá inniu ann.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar an dóigh ar scríobhadh an Bíobla ar an gcéad dul síos trí eolas cruinn a leagan amach ar an bpróiseas ar chuir fionnachtana seandálaíochta leis an dóigh a dtuigtear an Bíobla sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

- Chuidigh fionnachtana seandálaíochtale daoine a bhí i mbun critic théacsúil m.sh. Léiríodh i Scrollaí na Mara Mairbhe gur beag an difríocht a bhí idir na Scrioptúir Eabhraise ar shocraigh scoláirí Giúdacha orthu sa chéad aois CR agus na leaganacha reatha de scrioptúir na Críostaíochta, srl.
- Mar gheall ar fhionnachtana seandálaíochta is féidir le scoláirí cinntí cruinne a dhéanamh faoi na téacsanna is cóngaraí do na buntéacsanna m.sh. bhí leabhair i mBíobla na Críostaíochta i measc na mblúiríní ar thángthas orthu sa Chumrán agus bhí siad an-tábhachtach le haghaidh Léann an Bhíoblasrl.
- Cuidíonn fionnachtana seandálaíochta le duine atá i mbun critic liteartha m.sh. léiríodh nuair a fionnadh natháin Aiméineamóipé gurbh fhéidir gur baineadh úsáid as na natháin seo mar fhoinse le haghaidh roinnt caibidlí i Leabhar na Seanfhocal srl.
- Cuidíonn tochailt láithreán le daoine cruinneas stairiúil cuntas áirithe sa Bhíobla a fhíorú m.sh. mar gheall ar thochailtí in Iarúsailéim tá pictiúr níos mionsonraithe ar fáil de shaol an Teampaill srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN I REILIGIÚN: TAITHÍ NA hÉIREANN

**3 I a) Tabhair breac-chuntas ar dhá threocht atá le feiceáil i bpatrún an chleachtais reiligiúnaigh i measc daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.** **40** *Grádaithe*

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phátrún an chreidimh reiligiúnaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann trí eolas beacht a leagan amach ar dhá threocht i bpátrún an chleachtais reiligiúnaigh i measc daoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*
- Suim mhéadaithe sa diagacht, sa spioradáltacht Cheilteach, srl.
- Léirítear i suirbhéanna méadú i líon na ndaoine nach bhfuil aon chleamhnú reiligiúnach acu agus rátaí níos ísle freastail ar sheirbhísí creidimh i measc daoine óga, srl.
- Léiríodh sna torthaí is déanaí ó Dhaonáireamh na hÉireann gur tháinig méadú ar líon na reiligiún a bhfuil daoine cleamhnaithe leo srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 > 17 | 16 > 14 | 13 > 11 | 10 > 8 | 7 > 5 | 4 > 2 | 1 > 0 | 20Mx2 |

| 3 I b) | • REILIGIÚN SPIORADÁLTACHT AGUS TALAMH | • REILIGIÚN SPIORADÁLTACHT AGUS MANACHAS | • REILIGIÚN SPIORADÁLTACHT AGUS LEASUITHE | • REILIGIÚN AGUS TUAIRIMÍ NA hEAGNAÍOCHTA | **40** *Grádaithe* |
|---|---|---|---|---|---|

**Déan an tionchar a bhí ag ceann amháin díobh sin thuas ar an gCríostaíocht in Éirinn a mheas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar fhorbairt an reiligiúin in Éirinn trí mheasúnacht a dhéanamh go cruinn ar an tionchar a bhí ag ceann amháin díobh seo a leanas ar fhorbairt na Críostaíochta in Éirinn: Reiligiún, Spioradáltacht agus Manachas; Reiligiún, Spioradáltacht agus Talamh; Reiligiún, Spioradáltacht agus Leasuithe; Reiligiún agus Tuairimí na hEagnaíochta.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Reiligiún Spioradáltacht agus Talamh*
- In Éirinn sa chianaimsir bunaíodh grúpaí láidre sóisialta agus polaitíochta trí chomhnasc le dúiche. Ba í an Tuath an bunaonad sochpholaitiúil in Éirinn na Réamh-Chríostaíochta. Ba iad na creidimh reiligiúnacha agus na cleachtais a bhain leis an talamh a threisigh a n-aontacht m.sh. bhí nasc díreach idir séasúracht na talún agus fíréantacht an rí srl.
- D'fhéadfadh go raibh sé furasta ar na Gaeil an nasc a mhair idir an Cúnant agus an talamh le haghaidh mhuintir Iosrael a thuiscint. De réir a chéile d'éirigh nasc lárnach idir úinéireacht talún agus díth gabháltais agus féiniúlacht reiligiúnach le linn na bPéindlithe in Éirinn srl. Tá an talamh agus modh maireachtála na talmhaíochta mar ábhar do chuid mhór d'fháthscéalta Íosa srl.
- Srl.

*Reiligiún Spioradáltacht agus Manachas*
- Nuair a tháinig manaigh ón mBreatain agus ón Eoraip chun na hÉireann den chéad uair tháinig siad in áit an chórais deoise a chuir na chéad mhisinéirí go hÉirinn ar bun. Bhí mainistreacha anois mar léiriú infheicthe den Chríostaíocht in Éirinn na Luath-Chríostaíochta. Cuid den chúis a raibh siad tarraingteach ná go raibh baint ag an modh maireachtála iontu le cuid mhór de phríomhghnéithe an tsaoil i bpobail na Luath-Chríostaíochta a bhfuil léiriú orthu i litreacha Naomh Pól srl.
- B'ionaid léinn na mainistreacha. Ar an dóigh seo ba í an tuairim a bhí ag daoine áirithe ar mhanaigh go raibh siad ag leanúint traidisiún Éireannach a chuir ardluach ar léann. Ba iad na manaigh na healaíontóirí a bhí freagrach as na lámhscríbhinní dathmhaisithe ar nós Leabhar Cheanannais. Mar gheall ar fhorbairt na 'bPeannadóirí' chuaigh manachas i bhfeidhm ar an gCríostaíocht ar mhórscála srl.
- Is féidir traidisiún misinéireachta na hÉireann a rianú siar chuig na Mainistreacha. Chuaigh misinéirí na hÉireann ar nós Cholm Cille go hAlban agus chuaigh Aodan go Sasana. Bhunaigh Colmán cúig mhainistir ar mhórthír na hEorpa, agus chuaigh sé chomh fada le Bobbio na hIodáile srl.
- Srl.

*Reiligiún Spioradáltacht agus Leasuithe*

- Ag croílár na Críostaíochta tá an tuairim faoi athnuachan agus leasú. Chuaigh na mainistreacha faoi thréimhse leasaithe san 8ú céad CR. D'oibrigh Céilí Dé lena chinntiú go raibh léann níos fearr ar shagairt. Chuir Mael Ruán Thamhlachta béim ar Anam Chara. Chuaigh sé seo i bhfeidhm ina dhiaidh sin ar fhorbairt na faoistine príobháidí. Le déanaí tá coincheap Anam Chara i mbéal an phobail arís trí scríbhneoireacht John Donoghue srl.
- Mhair dlúthnasc uaireanta idir reiligiún agus an pholaitíocht. Bunaíodh an Leasú Protastúnach sa 16ú céad le coilíniú na Sasanach ar Éirinn. D'éirigh baint idir Protastúnachas agus plandóirí agus plandálacha. Bhí drogall ar Chaitlicigh shaibhre a gcuid páistí a chur go Oxford agus an Protastúnachas á bhunú i Sasana. Chuir siad a gcuid páistí chun na hEorpa ina áit sin. Mar thoradh air sin thug Caitlicigh na hÉireann tuairimí ar ais ón bhFrith-Reifirméisean srl.

*Reiligiún agus Tuairimí na hEagnaíochta*

- Mar gheall ar thuairimí na hEagnaíochta ar nós saoirse, comhionannais agus bráithreachais d'éirigh daoine criticiúil ar stádas na hEaglaise Anglacánaí mar Eaglais Bhunaithe. Bhí tuairimí na hEagnaíochta mar bhonn agus taca ag an ngluaiseacht i dtreo fhuascailt na gCaitliceach srl.
- Chuir an Eagnaíocht le forbairt Preispitéireachais Éireannaigh agus an tábhacht le hoideachas laistigh den Phreispitéireachas. Tríd an Eagnaíocht i mBéal Feirste moladh oideachas le haghaidh gach duine. De bharr bhunú 'the Belfast Reading Society' agus 'Belfast Natural History Society' baisteadh 'Aithin an Tuaiscirt' ar Bhéal Feirste srl.
- Mar gheall ar an luach a cuireadh ar shaoirse an reiligiúin bhí an Cairdinéal Ó Cuilinn in ann Caitliceachas Rómhánach a fhorbairt. Rinne sé maoirseacht ar bhunú scoileanna, ospidéil agus dílleachtlanna Caitliceacha Rómhánacha. Thug sé isteach foirmeacha caighdeánaithe de chleachtais reiligiúnacha a chuir Eaglais Chaitliceach Rómhánach na hÉireann níos mó ar aon dul leis an Róimhe srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra.

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40M |

## ROINN J AN REILIGIÚN AGUS AN EOLAÍOCHT

**3 J** ● **DIA NA mBEARNAÍ** ● **DIA AN CRUTHAITHEOIR** **80** *Grádaithe*

**Pléigh tionchar gach ceann de na híomhánna thuas de Dhia ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar na naisc agus na difríochtaí idir na tionscnaimh dhiagachta agus eolaíochta trí iniúchadh a dhéanamh ar pheirspictíochtaí difriúla agus trí theacht ar chonclúidí cruinne faoin dóigh a ndeachaigh an íomhá ar 'Dhia na mBearnaí' agus ar 'Dhia an Cruthaitheoir' i bhfeidhm ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht.

*Pointí a d'fhéadfadh a bheith ann*

*Dia na mBearnaí –*
- Maítear san íomhá seo go mbaintear úsáid as reiligiún le nithe a mhíniú nuair a bhíonn bearna san eolas eolaíoch m.sh. bhí tuairimí Newton faoin gcruinne ag brath ar thuairim 'the divine arm'. Is féidir leis an íomhá seo de Dhia tionchar a bheith aige ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht mar de réir mar a éiríonn na bearnaí san eolaíocht níos lú, is amhlaidh gur lú an pháirt a bhíonn ag an íomhá seo de Dhia srl.
- Is féidir go ngríosóidh an íomhá seo de Dhia daoine áirithe le bheith den tuairim go bhfuil an eolaíocht níos iontaofa ná reiligiún siocair gur féidir leis an eolaíocht cruthú a sholáthar faoin dóigh ar tháinig an chruinne le chéile. Ní féidir le reiligiún beithsine Dé a chruthú ar an dóigh ábhartha chéanna. Is féidir leis seo tionchar diúltach a imirt ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht mar go mb'fhéidir go measfaidh daoine áirithe go bhfuil sé riachtanach rogha a dhéanamh idir an reiligiún agus an eolaíocht srl.
- Bíonn an íomhá seo de Dhia ar lorg fianaise ar ghníomhaíochtaí Dé lasmuigh de phróisis nádúrtha, ní laistigh díobh. Ar an dóigh seo chruthaigh sé bearna níos mó idir an reiligiún agus an eolaíocht srl.
- Srl.

*Dia an Cruthaitheoir –*
- Is féidir leis an íomhá seo tionchar dearfach a imirt ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht ar an ábhar go léirítear an Cruthaitheoir sa mhéid atá cruthaithe, m.sh. dúirt Aquinas gurb é Dia an phríomhchúis le gach a bhfuil ann agus go bhfeidhmíonn Dia trí chúiseanna tánaisteacha an domhain nádúrtha a ndéanann eolaíocht staidéar air srl.
- Tá an méid a chuireann an íomhá seo leis an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht nasctha le meonta i leith an scrioptúir m.sh. diúltaíonn Cruthaíochtachas Eolaíoch d'fhionnachtana na heolaíochta a thagann salach ar léamh liteartha den chuntas sa Bhíobla ar an gcruthú. Nuair a bhreathnaítear ar chuntais cruthaithe Leabhar Gheineasas mar léiriú siombalach agus spioradálta, áfach, is féidir breathnú ar an reiligiún agus ar an eolaíocht mar nithe comhoibríocha trí dhisciplíní faoi leith m.sh. An Chomhachainí ón Eolaíocht agus ón Reiligiún 1992 srl.
- Is féidir leis an íomhá seo tionchar dearfach a imirt ar an gcoibhneas idir an reiligiún agus an eolaíocht mar go mbíonn daoine tiomanta do mhaoirseacht an chruthaithe tríthi. Cuireann mór-reiligiúin an domhain luach le maoirseacht. Tacaíonn sé le tionscnaíocht eolaíoch agus cuireann sé é faoi sheirbhís an duine srl.
- Srl.

Códaigh *MC* san imeall ar chlé nuair a léirítear na Critéir Mharcála den chéad uair i bhfreagra an iarrthóra (x2).

| *Sármhaith* | *An-mhaith* | *Go maith* | *Réasúnta* | *Lag* | | | *Marcanna na Ceiste* |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 40 > 34 | 33 > 28 | 27 > 22 | 21 > 16 | 15 > 10 | 9 > 4 | 3 > 0 | 40Mx2 |

***Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge***

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ar chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

*Tábla I*
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal & Gnáthleibhéal

Iomlán: 320 Gnathráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 240. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

| | *Tuairiscín* |
|---|---|
| SÁRMHAITH | • Fianaise shubstaintiúil ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Tá ábhar an fhreagra iomlán agus is léir go mbaineann lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise shármhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-MHAITH | • Fianaise an-mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is léir go mbaineann ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Níl aon mhór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise an-mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GO MAITH | • Fianaise mhaith ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Baineann ábhar an fhreagra go ginearálta lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon mhór-earráidí, nó fíorbheagán díobh, maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise mhaith ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| RÉASÚNTA | • Fianaise leordhóthanach ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint theoranta ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fianaise éigin ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| LAG | • Fianaise neamhleor ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Is beag baint atá ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Roinnt mhaith mór-earráidí maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| AN-LAG | • Is beag an fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Gan ach baint an-bheag ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Fíorbheagán fianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |
| GAN AON GHRÁD | • Is beag an fhianaise nó gan aon fhianaise ar aidhmeanna, ar chuspóirí agus ar thorthaí an tsiollabais atá á meas sa cheist mar a leagtar síos sna critéir mharcála<br>• Níl aon bhaint ag ábhar an fhreagra lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Mór-earráidí substaintiúla maidir lena bhfuil á mheas sa cheist<br>• Gan aon fhianaise ar ghabháil don scil atá á meas sa cheist |

*Scéim Mharcála 2011*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta 2011*

*Obair Chúrsa san Oideachas Reiligiúnach – Ardleibhéal*

## OBAIR CHÚRSA SAN OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Aidhmeanna den obair chúrsa d'Oideachas Reiligiúnach na hArdteistiméireachta:

- Deis a thabhairt do dhaltaí dul i ngleic go pearsanta le saincheist leasa nó cásmhaireachta
- Forbairt a dhéanamh ar eolas, ar thuiscint, ar scileanna agus ar dhearcthaí na ndaltaí, de réir mar atá leagtha amach i gcuspóirí na roinne atá ainmnithe don obair chúrsa
- Deis a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi thaighde, faoi anailís agus faoi mhachnamh breise ar thopaic roghnaithe
- Scileanna taighde, anailíse, meastóireachta, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh a fhorbairt

Cuireadh obair chúrsa isteach mar ghné den nós imeachta measúnaithe den oideachas reiligiúnach i scrúdú na hArdteistiméireachta mar gheall ar nádúr an ábhair féin. Tá forbairt na scileanna taighde, smaointeoireachta criticiúla, anailíse agus machnaimh ina bpríomhchuspóirí de mhúineadh an oideachais reiligiúnaigh ag an leibhéal sinsearach. Tá obair chúrsa leagtha amach chun deiseanna a thabhairt do dhaltaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna seo trí imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh ar thopaic roghnaithe.

(*Oideachas Reiligiúnach, An Ardteistiméireacht, Treoirlínte do Mhúinteoirí* – NCCA leathanach 142)

- Éilítear ar iarrthóirí obair chúrsa ar aon teideal amháin a chur isteach.

- Baineann na teidil d'obair chúrsa leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal araon. Ba chóir Leabhrán Obair Chúrsa an iarrthóra a mharcáil ag an leibhéal ag ar thóg sé/sí an scrúdú.

- Féadfaidh iarrthóirí ar mian leo an obair chúrsa a mhaisiú le léaráidí é seo a dhéanamh sna spásanna folmha a sholáthraítear ag bun gach leathanaigh. Ní mór don iarrthóir na grafaicí nó na híomhánna ar fad a tharraingt nó a scanadh go díreach ar an leabhrán. Níor chóir dóibh, áfach, ábhar a cheangal ná a fheistiú den Leabhrán Obair Chúrsa.

Tugtar rogha de dhá theideal i Roinn F agus i Roinn G faoi seach thíos. Ba chóir do na hiarrthóirí an obair chúrsa acu a bhunú ar theideal **amháin** as Roinn F **nó** ar theideal **amháin** as Roinn G.

## *ROINN F: SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA*

**F.1 Déan próifíl den léargas reiligiúnach ar an bhforéigean atá soiléir sa teoiric 'An Cogadh Cóir'.**

*Critéir Mharcála*
Léireoidh obair chúrsa den scoth eolas ar réiteach coinbhleachta, peirspictíocht reiligiúnach ar fhoréigean agus ar theoiric 'an Chogaidh Chóir' trí fhorbairt na sainghnéithe a lorg a chuireann in iúl an pheirspictíocht reiligiúnach ar fhoréigean atá soiléir i dteoiric 'An Chogaidh Chóir'.

**F.2. ● Leithcheal in Éirinn ● Bochtanas in Éirinn ● Ocras Domhanda**
**Scrúdaigh an tionchar atá ag tosca eacnamaíocha *nó* sóisialta ar cheann amháin de na ceisteanna thuas sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith eolas ar bhunphrionsabail na hanailíse sóisialta agus eolas ar fhadhb an idirdhealaithe in Éirinn/fadhb na bochtaineachta in Éirinn/fadhb an ocrais sa domhan trí bhreathnú go géar agus trí theacht ar chonclúidí faoi thionchar dhá cheann *nó* níos mó d'fhachtóirí comhaimseartha geilleagracha nó sóisialta ar cheann de na ceisteanna atá liostaithe sa teideal .i. Idirdhealú in Éirinn nó Bochtaineacht in Éirinn nó Ocras sa Domhan.

## *ROINN G: ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTH*

**G.1. Staidéar ar an ngaol idir sacraimint agus deasghnáth in dhá shainchreideamh Chríostaí sa lá inniu.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint ar thábhacht agus ar chiall na sacraiminte i dtraidisiún na Críostaíochta trí bhreathnú go géar ar an gcaidreamh idir shacraimint agus focail shiombalacha, na gníomhaíochtaí agus na comharthaí a bhaineann le dhá shainchreideamh Críostaíochta sa lá atá inniu ann.

**G.2. Fiosrú ar an tábhacht a bhaineann le paidreoireacht fhoirmiúil do na baill i gceann amháin de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Giúdachas, an Hiondúchas nó an tIoslamachas.**

*Critéir Mharcála*
Léireofar in obair chúrsa shármhaith tuiscint agus meas ar thábhacht thraidisiún an urnaithe i mór-reiligiún domhanda trí scrúdú a dhéanamh ar thábhacht stíl bhunaithe nó foirm bhunaithe urnaithe le haghaidh baill de cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, an tIoslamachas nó an Giúdachas agus trí fhianaise thacaíochta a sholáthar le haghaidh a gconclúidí.

**CUID A – ACHOIMRE AR AN INIÚCHADH AR AN TEIDEAL ROGHNAITHE**

| *Marcanna* | ***Critéir Mharcála mar a léirítear i gCuid A*** |
|---|---|
| 0 - 15 | Má tá an freagra <u>lag</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> .i.<br>• Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é gan aon fhianaise tacaíochta nó fíorbheagán de ar fáil do na conclúidí a bhaintear maidir le teideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.<br>• Ní thugtar ach beagán eolais, nó gan aon eolas tugtha, ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2011 á iniúchadh agus léiríonn sé úsáid bhocht de scileanna taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé beagán, nó gan aon fhianaise léirithe, gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích. |
| 16 - 21 | Má tá an freagra <u>réasúnta</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> .i.<br>• Is píosa saothair imleor é. Tugtar achoimre theoranta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2011, agus tá roinnt fianaise tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta éigin do theideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2011 á iniúchadh agus léiríonn sé fianaise éigin ar an ngabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise éigin gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích. |
| 22 - 27 | Má tá an freagra <u>go maith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> .i.<br>• Is saothar breá é.<br>• Léiríonn sé leorghabháil phearsanta do theideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise réasúnta gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích.<br>• Tugann sé eolas ginearálta ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus teideal dualgais roghnaithe 2011 á iniúchadh.<br>• Tugann sé achoimre ghinearálta ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2011, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear. |
| 28 - 33 | Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>pointí socraithe</u> .i.<br>• Is saothar fiúntach é.<br>• Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.<br>• Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.<br>• Léiríonn sé fianaise mhaith gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích. |

- Tugann sé achoimre mhionsonraithe ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2011, agus fianaise mhaith tacaíochta tugtha do na conclúidí a bhaintear.

34 - 40 Má tá an freagra sármhaith sa tslí a ndéileálann sé leis na pointí socraithe .i.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shubstaintiúil do theideal dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil gur baineadh úsáid as raon foinsí eolais agus an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 á cur i gcrích.
- Leagann sé amach go mionsonraithe na príomhphointí eolais ar na céimeanna a tógadh agus ar na scileanna a úsáideadh agus imscrúdú á dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011.
- Tugann sé achoimre iomlán agus ábhartha ar thorthaí an imscrúdaithe ar theideal dualgais roghnaithe 2011, agus fianaise shubstaintiúil tacaíochta do na conclúidí a bhaintear. Léiríonn an achoimre ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas:
  - → an cumas eolas a roghnú, agus anailís agus measúnacht a dhéanamh air
  - → an cumas eolas a shórtáil agus eagar a chur air
  - → an cumas tuairimí a chur i láthair go gonta agus go héifeachtach.

**CUID B – MACHNAMH PEARSANTA AR AN BHFOGHLAIM, AR NA SCILEANNA AGUS AR NA HEISPÉIRIS A BAINEADH AMACH TRÍ OBAIR CHÚRSA A DHÉANAMH**

*Marcanna* ***Critéir Mharcála mar atá soiléir i gCuid B***

0 - 15 Má tá an freagra lag sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.

- Is píosa saothair beagbhríoch nó neamhábhartha é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta neamhleor do theideal dualgais roghnaithe 2011. Ní thugann sé cur síos nó is beag an cur síos a thugann sé ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 a dhéanamh.
- Léiríonn sé fianaise bhocht ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé gabháil neamhleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Is beag an tsainaithint a thugann sé ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2011 á déanamh.
- Gan aon fhianaise nó fianaise bheag tugtha orthu seo a leanas –
  - – Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2011 a roghnaíodh
  - – Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - – Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

16 - 21 Má tá an freagra réasúnta sa tslí a ndéileálann sé leis na ceisteanna socraithe .i.

- Is saothar imleor é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta éigin do theideal dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé fianaise éigin ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Is beag an fhianaise shoiléir a léiríonn sé ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise éigin ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2011 á déanamh.

- Tugann sé fianaise éigin air seo a leanas –
  - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2011 a roghnaíodh
  - Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

22 - 27 Má tá an freagra <u>go maith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar breá é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta imleor do theideal dualgais roghnaithe 2011 sa mhéid is go dtugann sé míniú ar roghnú theideal na hoibre cúrsa atá ábhartha ach nach bhfuil go leor fianaise ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht faoi theideal dualgais roghnaithe 2011 ann. Tugann sé cur síos ginearálta ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar an teideal dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé fianaise chruinn ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé gabháil imleor do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise réasúnta ar shainaithint na gceisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2011 á déanamh.
- Léiríonn sé fianaise réasúnta orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2011 a roghnaíodh
  - → Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - → Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.

28 - 33 Má tá an freagra <u>an-mhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar fiúntach é.
- Léiríonn sé gabháil phearsanta shoiléir do theideal dualgais roghnaithe 2011. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 a dhéanamh; Tugtar míniú ginearálta le fianaise éigin ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht sa teideal dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé fianaise shoiléir ar ghabháil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Tugann sé sainaithint shoiléir ar cheisteanna a d'eascair agus éagsúlacht peirspictíochtaí difriúla ar teagmhaíodh leo agus obair chúrsa ar theideal dualgais 2011 á déanamh.
- Tugann sé fianaise mhaith orthu seo a leanas –
  - → Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011
  - → Pheirspictíochtaí difriúla a chothromú.
- Léiríonn sé scileanna breithiúnais agus measúnaithe.

34 - 40 Má tá an freagra <u>sármhaith</u> sa tslí a ndéileálann sé leis na <u>ceisteanna socraithe</u> .i.

- Is saothar fiúntach é i ndáiríre.
- Tugann sé cur síos substaintiúil ar an léargas pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa ar theideal dualgais roghnaithe 2011 a dhéanamh. Tugtar míniú mionsonraithe le fianaise shoiléir ar shuim phearsanta/ar dhíograis/ar chásmhaireacht i dteideal dualgais roghnaithe 2011. Tugann sé cur síos mionsonraithe ar na dearcthaí pearsanta a fuarthas tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011 le fianaise ar an gcumas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus an tionchar a bhíonn ag an bhfoghlaim sin ar thuairimí, ar dhearcthaí agus ar eispéireas an duine.

- Léiríonn sé fianaise chruinn agus shubstaintiúil ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na dearcthaí i gcuspóirí na roinne a roghnaíodh don obair chúrsa ó theidil dualgais roghnaithe 2011.
- Léiríonn sé gabháil shubstaintiúil do scileanna leathnaithe taighde, anailíse, measúnaithe, smaointeoireachta criticiúla, cumarsáide agus machnaimh.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar dhoimhneacht tuisceana ar an teideal dualgais roghnaithe 2011 agus go ndeachthas ina bhun ó thaobh roinnt peirspictíochtaí de a léiríonn ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
  - an cumas tuairimí/cur chuige difriúla i leith topaice a léirmhíniú, a chur i gcomparáid agus a mheas
  - an cumas frith-argóintí a fhorbairt.
- Léiríonn sé fianaise shubstaintiúil ar cheisteanna a shainaithint a d'eascair tríd an obair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais roghnaithe 2011, lena n-áirítear an cumas údarás foinsí áirithe eolais a cheistiú agus an cumas idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus tuairim.
- Tugann sé fianaise shubstaintiúil orthu seo a leanas –
  - Machnamh pearsanta, criticiúil ar an bhfoghlaim a baineadh as an obair chúrsa
  - Measúnú a dhéanamh ar an gcuid ba luachmhaire a bhain le hobair chúrsa a dhéanamh ar theideal dualgais 2011
  - Peirspictíochtaí difriúla a chothromú
  - Scileanna breithiúnais agus measúnaithe a léiriú.